Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2022
(OR. en)

11073/22

AGRI 320
AGRIFIN 67
AGRIORG 68

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis ionradh ar an Úcráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, achoimre ar an staid maidir le príomh-mhargaí talmhaíochta an Aontais, go háirithe tar éis ionradh na hÚcráine, mar ullmhúchán don phlé aireachta sa Chomhairle ('Talmhaíocht agus Iascach') an 18 Iúil 2022.

Molann an Uachtaránacht go ndíreofaí sa mhalartú tuairimí ar an dá cheist seo a leanas chun an staid reatha a fhíorú agus chun céimeanna breise a mheas:

1. Cén dearcadh atá ag na Ballstáit maidir leis na hionchais d'fhómhar na bliana seo i bhfianaise na géarchéime san Úcráin, d'fhonn soláthairtí gránach a chobhsú chun freastal ar an éileamh laistigh den Aontas agus ar an éileamh domhanda araon?

2. Cén taithí atá ag na Ballstáit maidir le hullmhúchán a dhéanamh do chur chun feidhme na cabhrach eisceachtúla coigeartúcháin do tháirgeoirí sna hearnálacha talmhaíochta nó maidir le bearta eile a rinneadh nó atá le déanamh? Cad iad na bearta eile a mholfadh na Ballstáit?

**IARSCRÍBHINN**

**Staid an mhargaidh talmhaíochta**

Réamhrá

1. I gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin, tá an staid eacnamaíoch in earnáil na talmhaíochta an-achrannach faoi láthair.

2. Is é imshuí chalafoirt Mhuir Dhubh ag an Rúis is cúis leis an easnamh in onnmhairí gránach bunúsach ón Úcráin. Ba mhó ná riamh praghsanna ar an margadh cé gur tugadh faoi deara go raibh roinnt faoisimh ann le seachtainí beaga anuas. Éilíonn táirgeoirí beatha cumaisc, chomh maith le próiseálaithe iartheachtacha, amhábhair atá deacair a fháil mar gheall ar sholáthar teoranta agus praghsanna arda. Tá tionchar suntasach ag fogha na Rúise faoin Úcráin ar mhargaí fuinnimh agus ionchuir talmhaíochta freisin. Is mór-onnmhaireoir ola agus gáis nádúrtha í an Rúis. I gcoitinne, braitheann earnáil na talmhaíochta agus a slabhraí soláthair domhanda ar bhreoslaí iontaise (ola agus gás nádúrtha).

3. Bíonn tionchar mór ag praghsanna arda ionchuir ar tháirgeadh talmhaíochta agus ar mhonaraíocht iartheachtach. I ndáil leis sin, is iad na hearnálacha is déine ó thaobh fuinnimh de na hearnálacha is mó a ndéantar dochar dóibh. Tá fadhbanna eacnamaíocha le sárú ag earnálacha eile a bhfuil baint acu le táirgeadh talmhaíochta, go háirithe iad siúd ag a bhfuil breisluach níos airde, mar gheall ar phraghsanna ionchuir a bheith ag dul i méid. Níltear ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an staid reatha sa ghearrthéarma. Ó thaobh shlándáil an tsoláthair bia de, d'fhéadfadh an staid a bheith dúshlánach má leanann na treochtaí sin ar aghaidh, níl slándáil an tsoláthair bia ná an soláthar bia i mbaol san Aontas faoi láthair, a bhuí le hathléimneacht shlabhraí soláthair bia an Aontais. Cuireadh lánaí dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ar bun mar aon le hardáin ábhartha comhoiriúnaithe chun cabhrú le tráchtearraí a easpórtáil ón Úcráin.

Staid na bpríomhearnálacha

4. Maidir le margaí talmhaíochta ar leith san Aontas Eorpach, tá brú suntasach ar bharra curaíochta áirithe mar gheall ar an aimsir thirim the. Meastar anois go mbeidh táirgeadh **gránach** 2.5 % níos ísle ná mar a bhí in 2021. Táthar ag súil go mbeidh barr lus na gréine an-mhaith ann, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú bliantúil 6.9 % ar tháirgeadh, agus go dtáirgfí 11 mhilliún tonna de, an méid is mó riamh. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú 5 % ar tháirgeadh siúcra in aghaidh na bliana ach go bhfanfaidh sé ar aon dul le meánmhéid 5 bliana agus go bhfanfaidh stoic ag leibhéal leordhóthanach. Táthar ag súil go mbeidh úsáid na mbarr curaíochta le haghaidh bithbhreosla cobhsaí toisc gur cuireadh isteach ar an téarnamh éilimh ar bhreosla tar éis na paindéime de dheasca praghsanna arda.

5. Tá méadú suntasach tagtha ar limistéir **síolta ola** an Aontais le haghaidh fhómhar 2022/23 (7.5 % bliain ar bhliain) mar gheall ar phraghsanna arda agus an maolú sealadach chun go bhféadfar barra ar thalamh branair a chur. Go háirithe, tháinig an méadú ba mhó ar phlanduithe lus na gréine mar gheall ar a riachtanas íseal i dtaca le huisce agus toirchiú. Táthar ag tuar go dtáirgfear 32.1 milliún tona d'olashíolta san Aontas (+7.8% i gcomparáid leis an meán cúig bliana), lena n-áirítear 11.1 milliún tona de shíolta lus na gréine, an méid is mó riamh, rud a fhágann gur féidir caillteanas soláthairtí ón Úcráin a chúiteamh.

6. Meastar go mbeidh stoic de 1.9 milliún tona ann ar dtús (+58 % os cionn an tséasúir seo caite) nuair a chuirfear tús leis an séasúr margaíochta le haghaidh **siúcra** in 2022/23 san Aontas. Tuartar go dtáirgfear 15.8 milliún tona de, i gcomhréir leis an meán 5 bliana, agus meastar go bhfanfaidh an tomhaltas cobhsaí.

7. Tacaíodh le méadú 11 % ar tháirgeadh **ola olóige** an Aontais in 2021/22 trí chion ola na n-ológ a mhéadú. Is dócha go bhfanfaidh praghsanna táirgeoirí ola olóige os cionn an mheáin san Aontas i ngeall ar ardchostais leanúnacha ionchuir agus iompair, agus i ngeall ar phraghsanna arda olaí agus saillte eile. Tuartar go dtiocfaidh laghdú ar onnmhairí an Aontais i gcomparáid leis an leibhéal is airde riamh anuraidh agus táthar ag súil le téarnamh beag i dtomhaltas an Aontais. D'fhéadfadh leibhéal na stoc deiridh a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, agus is dócha go mbeifear ag bogadh i dtreo táirgeadh faoi bhun an mheáin san Aontas in 2022/23.

8. D’ainneoin an laghdaithe ar tháirgeadh agus ar allmhairí **fíona** san Aontas in 2021/22, meastar go dtiocfaidh méadú 5 % go 23 lítear *per capita* ar an tomhaltas i ngeall ar onnmhairí níos ísle agus ar an laghdú atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as táirgeadh fíonóireachta le haghaidh ‘úsáidí eile’ (driogadh, fínéagar, brandaí). Agus iad á gceannach, is mó aird a thugann tomhaltóirí anois ar thionscnamh an fhíona, agus ar bhlas agus ar bhrandaí ina dhiaidh sin.

9. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an tomhaltas *per capita* de **phéitseoga agus neachtairíní úra** san Aontas in 2022 go 6.1 kg (faoi bhun an mheáin fhadtéarmaigh fós) in ainneoin na cumhachta ceannaigh níos ísle. D’fhéadfadh gurbh é an táirgeadh níos airde, an aimsir mhaith agus filleadh na turasóireachta ba chúis leis seo.

10. Tar éis séasúr an-mhaith in 2021 ina raibh táirgeadh ard, tomhaltas maith, stoic den chéad scoth agus stoic ísle ann, meastar go dtiocfaidh laghdú 9 %, go 16.5 milliún tona, ar tháirgeadh na **dtrátaí** san Aontas in 2022. Tuartar go dtiocfaidh laghdú 14 % ar tháirgeadh le haghaidh próiseála agus go dtiocfaidh laghdú 3 % ar thomhaltas trátaí úra. Tá an táirgeadh níos ísle mar gheall ar thriomach, éileamh níos laige ná mar a bhí coinne leis, an t-aistriú go barra malartacha, níos brabúsaí agus níos lú plandála i dtithe gloine de bharr costais fuinnimh an-ard.

11. Tá praghsanna **déiríochta** an Aontais ag na leibhéil is airde riamh. Cé go bhfanann praghsanna púdair bainne bhearrtha agus púdair bainne iomláin an Aontais réasúnta cobhsaí (cé go bhfanann siad ard) agus go bhfuil laghdú beag tagtha ar phraghsanna meadhg, tá praghsanna eile ag méadú. Leis na forbairtí sin, coinnítear praghsanna bainne amh an Aontais ag an leibhéal is airde riamh. D’ainneoin sin, tá corrlaigh feirmeacha fós teann mar gheall ar chostais arda ionchuir. Mar gheall ar na dálaí aimsire teo tirime le linn an earraigh - ag a raibh tionchar ar cháilíocht agus infhaighteacht féir agus ar chomhábhair bheatha eile - d’fhéadfadh forbairt na táirgeachta bainne san Aontas a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis níos luaithe in 2022 (0.4 %), mar gheall ar an úsáid laghdaithe a bhaintear as beatha freisin de dheasca costas ard beatha. I dteannta tréada déiríochta níos lú (-1 %), meastar, dá bhrí sin, go dtiocfaidh laghdú 0.6 % ar sheachadtaí bainne an Aontais in 2022. Is dócha go dtiocfaidh laghdú ar an gcion saille bainne agus próitéine freisin de bharr cáilíocht níos ísle féir agus úsáid níos ísle beatha mar gheall ar infhaighteacht agus ar chostais, agus ar an gcaoi sin, laghdófar infhaighteacht solad bainne le haghaidh próiseála a thuilleadh. D’fhéadfadh táirgeadh cáise agus uachtair an Aontais leanúint de bheith ag méadú agus thiocfadh laghdú ar shaill bhainne le haghaidh táirgeadh ime agus púdair bainne iomláin dá bharr sin. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar onnmhairí cáise, agus d’fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú beag ar úsáid intíre táirgí déiríochta in 2022 (0.3 %), ag glacadh leis go dtiocfaidh méadú leanúnach ar dhíolacháin mhiondíola inbhuanaithe agus go mbeidh téarnamh seirbhísí bia ann, agus nach ndéanfaí praghsanna arda táirgeoirí feadh an tslabhra a chur ar aghaidh ar thomhaltóirí ach ar bhonn teoranta.

12. Maidir le **feoil**, meastar go dtiocfaidh laghdú 0.5 % ar tháirgeadh mairteola an Aontais in 2022, mar gheall, go príomha, ar choigeartú struchtúrach in earnáil na mairteola agus na déiríochta, in ainneoin praghsanna arda. Ba cheart go dtiocfaidh méadú ar onnmhairí an Aontais, go príomha chuig margaí ardluacha atá ann cheana, ach tá siad faoi shrian ag praghsanna baile atá níos airde ná riamh. Tá méadú ag teacht ar allmhairí an Aontais mar gheall ar sholáthar na Brasaíle. Déantar dreasacht maidir le praghsanna arda muiceola a chealú mar gheall ar imní mhéadaitheach maidir leis an gcomhshaol, ionchais onnmhairithe laghdaithe, costais arda ionchuir leanúnacha agus fiabhras Afracach na muc agus beidh táirgeadh laghdaithe ann mar thoradh air sin. Chuir an tAontas Eorpach muiceoil ar fáil don tSín le linn dhá bhliain tar éis ghéarchéim thromchúiseach maidir le fiabhras Afracach na muc, agus is í an Ríocht Aontaithe anois an tír is mó onnmhairiú ag an Aontas. Meastar go gcobhsófar táirgeadh éanlaithe clóis an Aontais in 2022. Tá praghas sicíní grísce ard go leor san Aontas chun na costais arda ionchuir a chúiteamh agus leanann an fliú éanúil ardphataigineach de bheith ag leathadh, i measc tosca eile. Tá tús curtha an athuair leis an trádáil leis an Ríocht Aontaithe ar na leibhéil a bhí ann roimh Brexit ach tá sciar á chailleadh ag an Aontas i roinnt margaí onnmhairiúcháin.. Meastar go dtiocfaidh téarnamh páirteach ar allmhairí go dtí na leibhéil a bhi ann in 2016-19, cé go bhfuil éiginnteacht mhéadaitheach ann mar gheall ar shreafaí trádála leis an Úcráin. In ainneoin go bhfuil an tréad caorach agus gabhar i bhfad níos ísle san Aontas ná mar a bhíonn de ghnáth, táthar ag súil go gcobhsófar líon na mbeithíoch a sheoltar lena marú in 2022. Ba cheart go gcuirfí tús arís leis an trádáil ach ar leibhéil réasúnta ísle, agus beidh praghsanna arda intíre leanúnacha ann dá bharr sin.

Conclúid

13. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin isteach go mór ar mhargaí talmhaíochta domhanda agus ar mhargaí talmhaíochta an Aontais agus bhí éiginnteacht maidir leis an soláthar bia ann dá bharr sa tréimhse téarnaimh iar-Covid a raibh brú boilscithe maidir le fuinneamh, amhábhair, leasacháin agus lastas ag baint léi cheana féin. Tá méadú 30 % tagtha ar phraghsanna talmhaíochta domhanda ó cuireadh tús leis an ionradh, cé go bhfuil sé tugtha faoi deara go bhfuil an méadú sin ag maolú beagán le seachtainí beaga anuas. Tá dálaí aimsire san Aontas, go háirithe an tréimhse fhada thirim a dhéanann difear do roinnt réigiún, ag cruthú tuilleadh dúshlán don fhómhar nua, a mheastar a bheidh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

14. Cé go bhfuil an tAontas neamhspleách den chuid is mó maidir le bia, agus barrachas ollmhór trádála agraibhia aige, agus táthar ag súil arís go gcruthóidh margadh aonair an Aontais arís go bhfuil sé de chumas aige suaitheadh a sheasamh, tá údair imní ann, údair imní atá ag méadú, maidir le hinacmhainneacht mar gheall ar phraghsanna arda agus brú boilscithe. D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon athrú ar thomhaltas bia de réir toirte ach meastar go gcaillfear luach tomhaltais, toisc go bhféadfadh roinnt tomhaltóirí agus próiseálaithe bia imeacht ó tháirgí a bhfuil luach níos airde acu go táirgí níos saoire.